

❖ An Lúibín ❖

18 Aibreán 2005



Ábhar machnaimh

Uinsíonn Mach Dubhghaill, iriseoir (Cuisle, Eanáir 2000).

Is minic ráite gurb é fás na nGaelscoileanna an tuar dóchais is mó don teanga ag deireadh na Fichiú hAoise. Más ea, ní leor an caidreamh poiblí a thuilleadh chun ceist shimplí amháin a sheachaint: cá bhfuil siad? Cá bhfuil na mílte mílte duine a d'fhreastail ar na Gaelscoileanna thar na blianta, mar níl a rian le feiceáil ar staid na teanga. An labhrann siad Gaeilge lena bpáistí? Agus cén cineál Gaeilge a labhrann siad? B'fhiú go mór roinnt taighde a dhéanamh ar an dá bhuncheist sin.



Akanksha: oiliúint an dóchais

In the great Indian city of Mumbai (formerly Bombay), a teeming city with millions of the poor, their children (especially girls) are being offered an innovative education.

Mumbai: 13 milliún duine ina gcónaí ann, agus a líon ag dul i méid gan stad. Hiondúigh, Muslamaigh agus eile ag maireachtáil ar scáth a chéile, agus gan an oiread sin muiníne acu as a chéile i gcónaí; bhí círéibeanna gránna ann sa bhliain 1993, agus tá a rian sin le haithint fós ar aigne na ndaoine. Teas uafásach, brúdnán daoine ar na sráideanna, earraí den saghas is nua á bhfógairt don mheánaicme, agus na bochtáin go hainnis i mbotháin. Tá Jemma Purdey, Astrálach mná, ag obair i mMumbai na hIndia leis an eachtraíocht oiliúna Akanksha, a bhfuil rún acu oiliúint, misneach agus deis spraoi a thabhairt do na páistí is boichte agus féinmheas a chothú iontu. Seo sliocht as a scéal ar *arena magazine*, Feabhra-Márta 2005.

Tagann scuaine páistí isteach sa halla beag, iad i dFléinte gléghorma, buí agus flannbhuí atá tarraingte anuas ar ghúnaí nó a bhfuil briste deannachúil fúthu. Tá urlár coincréite ann, geoláin faoin tsíleáil agus clár dubh. Níl de thoscán ann ach deasc agus trí chathaoir atá buailte suas le balla. Má tá an monsún ann ní bhíonn ar fáil ach an tríú cuid den seomra de bharr an bhraoin anuas agus na lochán uisce. Tá an cúntóir nó *didí* (deirfiúr is sine) ag leagan amach na mataí dathacha bambú le haghaidh an tríocha nó mar sin páiste. Cuirtear na lámha le chéile i dtreo guí agus meabhraíonn gach páiste a dhia féin fad is atá sé ag aithris paidir fháilte Akanksha (Cuspóir) agus ag beannú do na *didis* agus do na *bhaiyas* (deartháracha is sine).

Béarla agus matamaitic na bunábhair, agus eolas ginearálta ina dteannta. Sa lárionad a bhfuil Purdey ag obair, tá na páistí idir 13 agus 17 bliana. San India is féidir le páistí a gcuid oideachais a fháil trí Bhéarla, trí Hiondúis nó trí aon cheann de na teangacha réigiúnacha. Cibé buntáiste atá ag páistí ó scoileanna Béarla, tá an flosc céanna chun foghlama le haithint orthu uile, mar a deir Purdey:

Cúis áthais agus mhisnigh é an fonn oibre atá ar na páistí, go háirithe na cailíní. Tar éis an tsaoil, ní mór a chuimhneamh go mbíonn siad tar éis 5 nó 6 d'uaire an chloig a chaitheamh ar an ngnáthsoil an lá sin roimh an dá uair an chloig is gnách leo a chaitheamh anseo. Bheifeá amhrasach i dtaobh

an chothaithe a fhaigheann siad freisin, agus iad chomh beag sin. Bheadh coim páiste cúig bliana déag inchomórtais le coim páiste cúig bliana sa bhaile. Tá nós ag Akanksha gan bia ar bith a thabhairt do na páistí ag na lárionaid. Ba mhaith leo dá mba ar son oideachais amháin a thioctadh na páistí agus a chuirfeadh na tuismitheoirí ann iad.

Dhá mhilliún páiste atá sna slumanna agus ar na sráideanna, agus gan a fhios ag an stát go minic go bhfuil siad ann – níor cláraíodh riamh iad. Deir Akanksha gur duine de chlann mhór é an gnáthdhalta, agus é ina chónaí i mbothán cúng gan leictreachas, gan uisce reatha, gan leithreas ceart. Is minic drochíde á fulaingt ag a leithéidí agus is minic a chuirtear ag obair amuigh iad. Is beag deis atá acu saol ceart páiste a chaitheamh. Purdey arís:

Tá na páistí thar a bheith beachtaithe i gcúrsaí na sráideanna, rud is dual dóibh, ós ar na sráideanna atá cónaí orthu, faoi ainm dídine ar na cosáin nó i gceann de na céadta slum a líonann spás ar bith gan úsáid i Mumbai.

Tá 37 lárionad ag Akanksha, agus iad suite i cibé spás atá le fáil i scoileanna, i gcoláistí, in oifigí agus in áiteanna eile i Mumbai agus i bPune. Tá an chuid is mó de na spásanna seo curtha ar fáil saor in aisce. Tá príomhoide agus múinteoir cunta ag gach lárionad, agus bíonn cúntóir ann i gcónaí: duine de na máithreacha a bhíonn ina nasc idir Akanksha agus an bpobal, agus a choinníonn súil ar cé bhíonn i láthair agus as láthair. Cuidítear leis na daltaí clárú sna gnáthscoileanna, an Ardteistiméireacht a dhéanamh agus an coláiste féin a bhaint amach.

Is é an difríocht is mó atá idir Akanksha agus na gnáthscoileanna go measann Akanksha gur ceart do na daltaí sult a bhaint as an bhfoghlaím. Baintear feidhm as spraoi, drámaíocht, rince agus ealaín chuige, in éineacht le turais aeraíochta, ócáidí speisialta agus spórt. Deich leibhéal atá sa churaclam, agus maítear go n-úsáidtear na modhanna múinteoireachta is nua. Cuirtear treise ar leith ar oideachas na gcaoilíní (tá lárionad i bPune do chailíní amháin), agus tugtar comhairle dóibh i ngeall ar ghlaine phearsanta, ar phleanáil chlainne agus ar dhrochíde ghnéis.

Déantar iarracht mhór na tuismitheoirí a mhealladh chun na hoibre, fiúntas an oideachais a cur ina luí orthu, agus cuidiú leo an scoil is oiriúnaí a roghnú dá gclann. Gach mí tagann siad le chéile ag na lárionaid chun dul chun cinn na bpáistí a phlé. Ní nach ionadh, agus a shalaí atá na ceantair bhochta, cuirtear béim mhór ar chúrsaí sláinte agus leighis.

Tá Akanksha seiftiúil; glacann siad le cibé cabhair atá le fáil, cuma má thagann na leabhair, mar shampla, ón eagraíocht antoiseach Hiondúch Shiv Sena nó ón gComhdháil, páirtí mór na tíre. (Deirtear go raibh baint mhór ag Shiv Sena le círeibeanna na bliana 1993, ach ar an taobh eile de soláthraíonn siad a lán bunseirbhísí sóisialta nach bhfuil le fáil ón stát.) Ach fáiltíonn Akanksha roimh pháistí de gach cineál, beag beann ar chúrsaí creidimh.

Deir Akanksha i dtaobh a gcuid páistí: ‘Tá fonn orainn iad a bheith ardaidhmeannach; agus rud is tábhachtaí fós, tá fonn orainn é a chur ar a gcumas na haidhmeanna sin a bhaint amach’.

Féach: www.akanksha.org.



Cogaí na Gaeilge

A report by the Language Commissioner (see last issue) has castigated the Irish education system for its failure to teach Irish effectively. Valerie Monaghan, a teacher experienced in education through Irish, replied in The Irish Times; she suggests that lack of resources are part of the problem, that only spoken Irish should be taught in the first years, and that cultural studies should be available as an alternative to Irish at secondary level.

Príomhoide Scoil Chiaráin ag Glas Naíon i mBaile Átha Cliath is ea Valerie Monaghan, agus in *The Irish Times* le déanaí dúirt sí go raibh sí féin agus an Coimisinéir Teanga ar mhalairt tuairime. Ceapann sí nár bhain tuarascáil Sheáin Uí Chuirreáin le hábhar ar chor ar bith. Bhí sé ag caint ar an oiread sin ama agus airgead a bheith á chaitheamh ar Ghaeilge agus gan aon mháistreacht ag na daltaí uirthi dá bharr. Buaileann seo an milleán ar na scoileanna agus ar na múinteoirí, go háirithe ós ar scoil amháin a úsáideann formhór na ndaoine aon Ghaeilge.

Ach tá taobh eile ar an scéal. Fiche bliain ó shin rinne an ceardchumann múinteoirí INTO tuarascáil a dúirt go raibh curaclam na mbunscoileanna mí-oiriúnach; rinneadh trácht ar dhrochmhodhanna múinteoireachta, ar shúil mhírreasúnta le toradh sármhaith, agus ar stór focal nár oir don chomhrá. Fuascailt ar bith ní dhearna an stát ar na fadhbanna seo. Baineadh acmhainní de na múinteoirí, agus bhí orthu seiftiú dóibh féin. Chuaigh mórán acu i muinín téacsleabhar, ó nach raibh acmhainní eile ar fáil.

Beidh an curaclam nua á mholadh go ceann deich mbliana eile, más fíor do Mhonaghan, ach ní bheidh na hacmhainní ann chuige ansin féin. Tá an teanga ag dul i laige i gcónaí de bharr na neamhairde seo. Tá mórán daoine neamhshuimiúil sa teanga, agus cuid acu naimhdeach di.

Fiche bliain ó shin dúradh go raibh baint ag dearcadh na dtuismitheoirí le laige na teanga ar scoil. Anois táthar ag éileamh go múinfi teanga Eorpach sna bunscoileanna, cé gur minic nach bhfuil sa mhéid sin ach iarracht ar an nGaeilge a chaitheamh i dtraipisí.

Tá laghdú ag teacht i gcónaí ar an méid Gaeilge a úsáidtear in eagraíochtaí spóirt, sna heaglaisí, in eagraíochtaí cultúrtha, agus i gcúrsaí polaitíochta agus tráchtála. Conas a théann sin i bhfeidhm ar na múinteoirí, agus an oiread sin díobh i bhfách leis an teanga deich mbliana ó shin? Inniu caitheann formhór na ndaltaí idir trí huair agus ceithre huair an chloig sa tseachtain ag foghlaim Gaeilge sna bunscoileanna. Tá treise á cur anois ar labhairt na teanga, ach tá léamh agus scríobh na teanga á mbrú orthu go róluath fós agus gan a ndóthain den chaint acu mar bhunús. Dá bhrí sin teipeann ar na daltaí Gaeilge a léamh agus a scríobh mar is ceart, agus imíonn an fonn a bhí orthu teanga nua a fhoghlaim.

Deir Monaghan go bhfuil sé in am an curaclam a athrú ó bhonn. Ba chóir labhairt na teanga amháin a mhúineadh sna bunscoileanna, nó go dtí an cúigiú nó an séú rang ar a laghad. Ag an dara leibhéal ba cheart trí chúrsa a chur ar fáil – Gaeilge, litríocht na Gaeilge agus léann cultúrtha. D’oirfeadh an chéad chúrsa do dhaltaí ar mhian leo an teanga amháin a úsáid. D’oirfeadh an dara cúrsa do dhaltaí ar mhian leo dianstaidéar a dhéanamh ar litríocht na Gaeilge. Thabharfadh an tríú cúrsa tuiscint ar a ndúchas do dhaltaí gan iachall a chur orthu é a fháil trí Ghaeilge. Is iomaí duine nach bhfuair blas ar Pheig!



Ó na nuachtáin

A campaign to give the Irish language a place in Irish soccer

Tá feachtas ann le haitheantas a thabhairt don Ghaeilge ar léinte fhoireann sacair na hÉireann. An grúpa *Cúl* a bheartaigh é, agus iad ag leanúint shampla na Breataine Bige agus feachtais eile in Albain. Tá an Bhreatnais sách láidir sna cúrsaí seo: bíonn ar a laghad dhá leathanach i mBreatnais i gclár an chluiche nuair a imríonn an fhoireann idirnáisiúnta, agus 'Cymru' an t-ainm atá ar earraí tráchtála. Chuir an FAI in iúl go mbeidís sásta an scéal a phlé ach iarratas a fháil ón lucht leanúna, agus tá *Cúl* ag tapú na deise tríd an suíomh seo: www.PetitionOnline.com/sacair. Féach an scéal ag Deirdre Ní Ghrianna ar *Lá*: www.nuacht.com.

The parting of RTÉ and TG4 has commenced

Scéal ag Emmet Oliver in *The Irish Times*: Tá an rialtas i gceann RTÉ agus TG4 a scaradh ó chéile, rud a gealladh ceithre bliana ó shin. Faoi láthair tá TG4 ag craoladh faoi choimirce RTÉ, agus faigheann siad 365 uair de chlár ó RTÉ saor in aisce, ach tagann formhór a gcuid airgid ón Státchiste. Tá an tAire ar lorg comhairleoirí a chuideodh leis an scaradh a chur i gcríoch, ach deirtear go mbeidh costas mór ag gabháil leis. Rud eile de, b'fhéidir go mbeadh an dá dhream ag déanamh obair a chéile. Ní fios cén Roinn a bheadh freagracha as TG4, agus dúirt RTÉ féin go raibh sé thar am ceist an mhaoinithe a réiteach.



CEOL

On Song 2 - Brian Kennedy

Má tá glaoch ar Brian Kennedy is beag an t-ionadh é: guth éadrom teanóir aige, é le feiceáil ar an teilifís sa bhaile, stór amhrán aige a oireann don choitiantacht - *Galway Bay, The Lakes of Coolfinn, Beautiful Dreamer*. Tá na hamhráin seo agus mórán eile le fáil ar 'Red Sails in The Sunset: On Song 2,' an cnuasach is déanaí uaidh. Tá a chairde in éineacht leis ann, leithéidí Liam Clancy agus Juliette Turner. Is é an t-amhrán is fearr aige *Spuncill Hill*; tá fiormhothú ann, agus níl an fonn ná na focail báite ag an gcóiriú.

Maidir leis an gcuid eile, mura measade thú iad a chloisteáil ní fearrde thú ach oiread, agus tá daoine nach gcuirfeadh de dhua orthu féin dul ag éisteacht leo ar chor ar abith. Beatha duine a thoil, agus ar nós roinnt ceoltóirí eile as Éirinn tá aithne ag an Astráil anois air (agus ní á mhaíomh air é). Amhránaí proifisiúnta snasta is ea an Cinnéideach, agus lucht leanúna aige a thuigeann nach gcuirfidh sé thar a n-acmhainn iad. Beidh éileamh ar a leithéidí go deo, amhránaithe a bhfuil idir bhinneas agus mhaoithneachas iontu, agus tá Éire in ann iad a sholáthar chomh maith le haon tír eile, cé gur coitianta iad i mBéarla ná i nGaeilge. Más é an Cinnéadach is rogha leat, cuirfidh an dlúthdhiosca seo áthas ort.

Curb Records 5197132000



Pinocchio i nGaeilge

It is over seventy years since one of the great children's stories was first rendered into Irish. Now it is available again.

Tá cáil ar scéal Pinocchio, puipéad a bhfuil anam agus aigne buachalla ann - buachaill ceanndána saonta cliste a bhfuil rún aige a bheith go maith ach a théann ar seachrán arís agus arís

eile i saol aisteach iontach – saol atá lán d’ainmhithe agus d’éin a bhfuil bua na cainte acu, saol a bhfuil cealg agus colg ann, aithrí agus grá. Scéal é a bhfuil greann agus íoróin ann, agus blas neamhchoitianta ar an insint.

An té a scríobh é, Carlo Lorenzini, rugadh é i bhFlórans sa bhliain 1826, agus é ina shaighdiúir, ina úrscéalaí agus ina iriseoir ina dhiaidh sin; chuir sé *Le avventure di Pinocchio* amach sa bhliain 1881 faoin ainm Collodi. Tá sé i gcló ó shin i dteangacha an domhain.

Sa bhliain 1933 d’fhoilsigh An Gúm leagan Gaeilge den scéal: *Eachtra Pinocchio*. Pádraig Ó Buachalla a chuir Gaoluinn air, agus d’aistrigh sé díreach ón Iodáilis é. As Cúil a' Mhothair, fearann baile i mBaile Bhúirne, dó, agus chaith sé tamall maith i San Francisco, áit ar fhoghlaim sé Iodáilis, Fraincis agus Spáinnis. Timpeall na bliana 1930 d’fhill sé ar Bhaile Bhúirne, áit ar thosaigh sé ag obair ar *Eachtra Pinocchio*. Tá eagrán nua ann anois agus é leasaithe de réir ceartúchán a rinne an Buachallach féin ar chóip d’eagrán 1933. Seo thíos cuid de Chaibidil 1 agus é bunaithe ar leagan atá le fáil ar shuíomh na hirise *An Músgrai* (www.musgrai.com). Rinneadh roinnt mionathruithe air anseo chun an chanúint a mhaolú ar son an léitheora nach bhfuil cleachta le Gaoluinn bhinn na nDéise.

C’era una volta...

- Un re! – diranno subito i miei piccoli lettori.

No, ragazzi, avete sbagliato. C’era una volta un pezzo di legno...

Conas mar a ráinig go bhfuair Silín Ceárdaí smután adhmaid a ghoileadh agus a ghéireadh mar a dhéanfadh leanbh.

Bhí ann tráth... *Rí* a déarfaidh na léitheoirí beaga láithreach. Níorbh ea, a leanaí, tá dearmad oraibh. Smután adhmaid a bhí ann. Níor smután d’adhmaid dílis féin é ach smután connaidh - ceann de na smutáin a cuirtear sa teallach chun na tine a dheargadh agus chun na dtithe a théamh. Ní fheadar sa cheart conas mar a thit sé amach, ach seo mar a bhí an scéal ag an smután adhmaid. Do ráinig dó a bheith i gceárta siúinéara gurbh ainm do Antonio Ceárdaí. Silín Ceárdaí a thugtaí air, mar bhí dath cróndearg ar a chaíncín mar a bhíonn ar shilín aibí. An tuisce a chonaic Silín Ceárdaí an smután adhmaid do léim a chroí le háthas, is do chrom sé ar bheith ag cuimilt a bhos dá chéile. Sea, ar seisean leis féin, agus é ag meilt na cainte, is maith an t-am 'nar ráinig don smután adhmaid seo a bheith agam. Bainfead tarraingt as chun cos boird a dhéanamh de. Chomh luath is do bhí an méid sin ráite aige, siúd chun na hoibre é. Rug sé láithreach ar an dtua a bhí faobhraithe go maith chun tosú ar an gcoirt a bhaint den smután agus chun cos an bhoird a shíneadh amach. Le linn a lámh a bheith árdaithe chun an chéad bhuille a bhualadh d’airigh sé guth ana-chaol ag rá in achainí chrua, *Ná buail chomb trom san me!*

Tuigfidh sibh féin conas mar a bhí an scéal ag Silín Ceárdaí nuair a d’airigh sé an guth. Do lig sé an tua chun talaimh gan an buille a bhualadh. Do tháinig sceon ina dhá shúil, is d’fhéach sé mórthimpall an tínteáin a d’iarraidh a dhéanamh amach cad as go dtáinig an guth beag caol san. Ní fhaca sé duine ar bith. D’fhéach sé féin bhfuarma, is ní fhaca sé éinne. D’fhéach sé isteach san almóir a bhíodh dúnta de ghnáth, is ní raibh daonna ann. D’fhéach sé isteach sa chliabh go mbíodh na séibhíní agus bran an tsáidh ann; is ní fhaca sé neach. D’oscail doras na ceartan bige chun súilfhéachaint a thabhairt ar an sráid; is ní fhaca sé samhail. Sea, ar seisean agus é ag gairí leis féin agus ag rith a mhéireanna trína pheiribhic. Tuigim anois é. Is furasta a thuiscint gurbh amhlaidh a shamhlaíos an glóirín caol.

Do thóg sé an tua ina láimh arís is do bhuail sé buille teann ar an smután.

Ochón! Dia lem' anam! arsa an guth beag caol. Táim millte agat!

Ar chloisint an méid sin do Shílín Ceárdaí do cheangail sé den talamh. Bhí a dhá shúil ag imeacht as a cheann le hanaithe, is bhí a bhéal ar leathadh le scanradh. Chomh luath is tháinig a chaint do duirt sé agus snagadh ina ghlór agus é ag crith le heagla:

‘Cad as go dtáinig an glóirín úd a duirt “Ochón”? Go fírinneach níl duine ar bith anso. Arbh fhéidir go mbeadh sé foghlamtha ag an smután so conas gol agus blaidhreach a dhéanamh mar a dhéanfadh leanbh? Ní fhéadfainn a chreidiúint go bhféadfadh san a bheith amhlaidh. An smután san, féach ansan air. Níl ann ach smután connaidh, smután ná fuil aon tairbhe eile ann ach é a chur sa tine. Is maith a bheireodh sé corcán praisce. Ní fheadar an amhlaidh a bheadh éinne i bhfolach ann? Má tá éinne i bhfolach ann is dó is measa é!’



An té nach mian leis An Lúibín a fháil a thuilleadh cuireadh sé teachtaireacht dá réir chun:
colger@melbpc.org.au.

Colin Ryan